

Dréacht
Ordú
maidir le Tástálacha le hAonaid Féintiománaⁱ

De bhun Alt 92 g (5), (8) agus (9), Alt 118 (13) agus Alt 134 a (1) agus (2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, cf. Acht Comhdhlúite Uimh. XX, agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt, cinntear leis seo an méid seo a leanas:

Cuspóir

Roinn 1. Leagtar síos san Ordú seo na rialacha mionsonraithe maidir le mótarfheithiclí féintiomána a thástáil.

Raon feidhme

Roinn 2. Féadfaidh Stiúrthóireacht Bóithre na Danmhairge, de bhun an Ordaithe seo agus i gcomhréir le hAlt 92 h(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, údarú a dheonú chun tástálacha a dhéanamh ar mhótarfheithiclí féintiomána. I ndáil leis sin, ní mór do Stiúrthóireacht Bóithre na Danmhairge a áirithiú go ndeachthas i gcomhairle leis an údarás bóithre, leis na póilíní agus le haon úinéirí bóithre príobháideacha.

Roinn 3. Ní mór tástálacha a dhéanamh le mótarfheithiclí féintiomána suas le leibhéal 4 de réir chaighdeán SAE J3016.

(2) Ní mór tástálacha a dhéanamh i réimsí sonracha agus féadfar iad a theorannú d'amanna sonracha.

Sainmhínte

Roinn 4. Tá feidhm ag na mínte seo a leanas san Ordú seo:

- 1) *Tiomáint de láimh:* Tiomáint trína ndéanann duine nádúrtha an tiomáint nó trína mbreathnaíonn sé nó sí ar an tiomáint agus cinntíonn sé nó sí go dtiomáintear an fheithicil de réir rialacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre.
- 2) *Tiomáint uathoibríthe:* Tiomáint trína ndéanann trealamh teicniúil na feithicle an fheithicil a thiomáint agus trína mbreathnaíonn sé ar an tiomáint agus cinntíonn sé go dtiomáintear an fheithicil de réir rialacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre.
- 3) *Tiománaí:* Duine nádúrtha atá san fheithicil agus atá freagrach as an tiomáint a ghlacadh ar láimh nuair a léirítear sin le trealamh teicniúil na mótarfheithicle féintiomána, nó nuair a mheasann an duine go bhfuil gá leis.
- 4) *Oibrítheoir:* Duine nádúrtha atá lasmuigh den fheithicil agus atá freagrach as an tiomáint a ghlacadh ar láimh nuair a léirítear sin le trealamh teicniúil na mótarfheithicle féintiomána, nó nuair a mheasann an duine go bhfuil gá leis.

An duine nádúrtha

Roinn 5. Ceanglaíonn tástálacha rannpháirtíocht duine nádúrtha ar féidir leis páirt a ghlacadh mar thiománaí nó mar oibreoir na mótarfheithicle féintiomána agus a bhfuil sé de fhreagracht air an tiomáint a ghlacadh ar láimh, nuair a léirítear é sin le trealamh teicniúil na mótarfheithicle féintiomána, nó nuair a mheasann an duine nádúrtha go bhfuil gá leis.

(2) Beidh ceadúnas tiomána faighte ag an duine nádúrtha, cf. (1), le haghaidh na catagóire feithicle atá i gceist agus comhlíonfaidh sé na rialacha maidir le tiomáint faoi thionchar ar meisce agus tiomáint faoi thionchar drugaí a athraíonn an chomhfhiosacht in Ailt 53 agus 54 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, cf. Alt 92 g(3), an dara habairt.

(3) Beidh feidhm ag alt 55(1)-(3) den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus ag forálacha a leagtar síos de bhun Alt 55(4) maidir leis an duine nádúrtha i gcónaí le linn tiomána de lámh agus na tiomána uathoibríthe, cf. (1). Tá feidhm mutatis mutandis ag alt 77(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, is cuma an bhfuil an t-aonad féintiomána á thiomáint de lámh nó go huathoibríoch.

(4) Beidh sé de fhreagracht ar an duine údaraithe a áirithiú go mbeidh treoir leordhóthanach faighte ag an duine nádúrtha, cf. (1), chun an fheithicil a stiúradh le haonad rialaithe speisialta na feithicle.

Sonraí a thaifeadadh agus a stóráil

Roinn 6. Nuair a dhéantar tástálacha, déanfar é a thaifeadadh agus a stóráil nuair a thiomáintear an fheithicil de lámh agus nuair a thiomáintear go huathoibríoch í.

An t-iarratas

Roinn 7. Cuirfear iarratais ar údarú le haghaidh tástálacha faoi bhráid na Stiúirthóireachta Bóithre mar aon le tuairisc mhionsonraithe ar an tástáil.

(2) Ní mór an méid seo a leanas a bheith san iarratas:

- 1) tuairisc ar na mótarfheithiclí atá san áireamh sa tástáil,
- 2) plan mionsonraithe chun an tástáil a dhéanamh, lena n-áirítear na leibhéil uathoibríthe atá i gceist,
- 3) tuairisc ar an limistéar ina ndéanfar an tástáil, lena n-áirítear léiriú ar na codanna bóthair a chumhdaítear ar iarscríbhinn léarscáile,
- 4) tuairisc ar na dálaí tráchta agus aimsire ina bhfuiltear ag súil go ndéanfar an tástáil,
- 5) tuairisc ar eagrú na tástála agus
- 6) plan cuimsitheach chun sonraí arna nginiúint i dtaca leis an tiomáint a bhailiú, a chlárú, a chórasú, a stóráil, a úsáid, a nochtadh, a idirnascadh agus a léirsciosadh.

(3) Ní mór measúnú ó mheasúnóir formheasta a bheith ag gabháil leis an iarratas ar na hiarmhairtí do shábháilteacht ar bhóithre agus an tástáil á déanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos san Ordú maidir le measúnóirí i ndáil le tástálacha le haghaidh mótarfheithiclí féintiomána.

Údarú

Roinn 8. Féadfar údarú a dheonú ar feadh tréimhse suas le 2 bhliain. Féadfaidh an Stiúirthóireacht Bóithre an t-údarú a athnuachan tar éis dul i gcomhairle leis an údarás bóithre, leis na póilíní agus le haon úinéirí bóithre príobháideacha.

(2) Féadfaidh an Stiúirthóireacht Bóithre, tráth ar bith, údarú le haghaidh tástálacha a tharraingt siar arb é is éifeacht dó nach mór deireadh láithreach a chur leis an turgnamh.

Pionós

Roinn 9. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos i gCaibidil 17 agus i gCaibidil 18 den Acht um Thrácht ar Bhóithre maidir le pionós agus dícháiliú ó thiomáint, etc. nuair a bheidh tiomáint na mótarfheithicle féintiomáinte glactha ar lámh ag duine nádúrtha, cf. Alt 5(1), i dtaca le tiomáint de lámh nó le tiomáint uathoibríthe.

(2) Beidh feidhm freisin ag na rialacha i gCaibidil 17 agus i gCaibidil 18 den Acht um Thrácht ar Bhóithre maidir le pionós agus dícháiliú ó thiomáint, etc. má mhainníonn an duine nádúrtha, cf. Alt 5(1), i dtaca le tiomáint de lámh nó le tiomáint uathoibríthe, tiomáint na mótarfheithicle féintiomána a ghlacadh ar lámh nuair a léirítear é sin le trealamh teicniúil na feithicle, nó nuair atá gá leis ar shlí eile.

(3) Beidh feidhm maidir le duine nádúrtha ag na rialacha i gCaibidil 17 agus 18 den Acht um Thrácht ar Bhóithre maidir le pionós agus dícháiliú ó thiomáint, etc. i dtaca le sárúithe ar Ailt 53 agus 54 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, cf. Alt 5(1), d'ainneoin (1) agus (2), gach tráth le linn tiomáint uathoibríthe.

Roinn 10. Gearrfar fíneáil ar an duine údaraithe de réir Alt 118(1)(2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre má mhainníonn sé nó sí na coinníollacha maidir le húdarú arna dheonú faoin Ordú seo a chomhlíonadh.

Roinn 11. Féadfar fíneáil a ghearradh ar an duine údaraithe mar gheall ar shárú ar Ailt 5(4) agus 6 den Ordú seo.

(2) Mura dtabhaíonn an duine nádúrtha, cf. Alt 5(1) dliteanas coiriúil, cf. Alt 9(1) agus (2), gearrfar fíneáil ar an duine údaraithe as sárú ar rialacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre.

Dlíteanas coiriúil do dhaoine dlítheanacha

Roinn 12. Féadfar cuideachtaí etc. (daoine dlítheanacha) a chur faoi dhliteanas coiriúil i gcomhréir leis na forálacha i gCaibidil 5 de Chód Coiriúil na Danmhairge.

(2). Féadfar dliteanas coiriúil faoi Roinn 11(2) a fhorchur ar an duine údaraithe cé nach bhfuil, laistigh de ghnóthas an duine dhlítheanaigh, aon sárú inchurtha i leith duine amháin nó níos mó a bhaineann leis an duine dlítheanach nó leis an duine dlítheanach ann féin.

Ceart achomhairc

Roinn 13. Ní fhéadfar achomhairc i gcoinne breitheanna ón Stiúrthóireacht Bóithre faoin Ordú seo a thabhairt os comhair an Aire Iompair ná aon údaráis riaracháin eile.

Teacht i bhfeidhm

Roinn 14. Tiocfaidh an tOrdú i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2025.

(2) Aisghairtear Ordú Uimh 1292 an 3 Nollaig 2019 ar thástálacha Bhardas Aalborg le mótarfheithiclí féintiomána ar Astrupstien agus Jerupstien, Ordú Uimh 206 an 16 Márta 2020 maidir le tástálacha A/S um Shoghluaisteacht Uathrialach le mótarfheithiclí féintiomána i Nordhavn Chóbanhávan, Ordú Uimh. 453 an 20 Aibreán 2020 maidir le tástálacha A/S le mótarfheithiclí féintiomána ag Ospidéal Slagelse agus Ospidéal Síciatrach Slagelse agus Ordú Uimh 440 an 15 Márta 2021 ar thástálacha A/S Nobina Danmark le mótarfheithiclí féintiomána ag Campas DTU i Lyngby.

ⁱ Tugadh fógra faoin dréacht-Ordúseo i gcomhréir le Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir maidir le Nós Imeachta Faisnéise), arna leasú le Treoir 98/48/CE.